lcetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Luimnigh agus an Chláir
*Limerick and Clare*
*Education and Training Board*

# ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
# SCÉIM TEANGA

# 2018 - 2021

## Clár an Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Buneolas ........ 3
1.1 Réamhrá ........ 3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime ........ 3
1.3 Dáta thosach feidhme na Scéime ........ 3

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ........ 4
2.1 Misean agus Aidhmeanna ........ 5
2.2 Na Príomhfheidhmeanna ........ 5
2.3 Seirbhísí Príomhthábhachta ........ 6
2.4 Custaméirí agus Cliaint ........ 6

Caibidil 3: Sonraí faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach ........ 7

Caibidil 4: Forfheabhsú maidir le Seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ........ 8

Caibidil 5: Forfheabhsú maidir le Seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht ........ 12

Caibidil 6: Feabhas ar an gCumas Teanga ........ 13
6.1 Earcaíocht ........ 13
6.2 Oiliúint agus Forbairt ........ 13
6.3 Poist Ainmnithe Gaeilge ........ 15

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú ........ 16

Caibidil 8: Poiblíocht maidir leis an Scéim Chomhaontaithe ........ 17

# Caibidil 1: Réamhrá agus Buneolas

## 1.1 Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 do scéim teanga a ullmhú ag comhlachtaí poiblí ina leagtar amach go sonrach na seirbhísí a chuirfear ar fáil:

- i nGaeilge,
- i mBéarla, agus
- i nGaeilge agus i mBéarla

chomh maith leis na bearta a dhéanfar chun a chinntiú go ndéantar aon seirbhís nach bhfuil á chur ar fáil i nGaeilge ag an gcomhlacht faoi láthair a chur ar fáil i nGaeilge de réir thráthchlár aontaithe.

De réir alt 14(3) an Achta, leanann scéim teanga i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingníonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta malairt scéime, cibé acu sin is deireanaí.

## 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Le linn an scéim seo a ullmhú, bhí an aird chuí ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tugadh, chomh maith leis sin, faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí.

Tá de bhunphrionsabal ag **Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, LCETB,** gur cheart seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil bunaithe:

- ar leibhéal an éilimh a bheadh ar sheirbhísí faoi leith i nGaeilge,
- ar an tábhacht atá le cur chuige forbheartach maidir le seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil, agus
- ar na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgid, agus ar acmhainn an chomhlachta an cumas teanga is gá a fhorbairt nó a thapú.

Cuireann an scéim seo leis na prionsabail maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir agus lena bhfuil i gCairt an Chustaiméara. Bhí de rún, le linn an scéim a chur i dtoll a chéile, a chinntiú go ndéanfaí a leagtar de dhualgas ar **LCETB** faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh de réir a chéile faoin scéim seo agus faoi na scéimeanna a thiocfaidh ina diaidh.

Admhaítear an dícheall agus an dúthracht a chaith gach duine a raibh páirt acu san obair seo leis an bpróiseas agus tréaslaítear a thoradh leo.

## 1.3 Dáta thosach feidhme na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tagann an scéim i bhfeidhm ó 08 Deireadh Fómhair 2018 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann 3 bliana nó go dtí go ndeimhnítear malairt scéime, cibé acu sin is deireanaí.

## Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Comhlacht reachtúil atá i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB) arna chur ar bun faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Rinneadh, de réir fhorálacha an Achta, trí cinn de Choistí Gairmoideachais, Coiste Gairmoideachais an Chláir, Coiste Gairmoideachais Chontae Luimnigh agus Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh chomhchuimsiú i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus tháinig ann don eintiteas corparáide nua ar lá a bhunaithe an 1 Iúil 2013. Rinneadh foráil faoin Acht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013, lenar tugadh comhdhlús breise i bhfeidhm maidir le cúrsaí oideachais agus oiliúna sa réigiún, d'Ionaid Oiliúna SOLAS i Luimneach agus i mbaile na Sionainne agus do bheartaíocht oiliúna na n-ionad sin ar fud an réigiúin a thabhairt isteach faoi LCETB ar an 1 Iúil 2014.

Faoi mar a leagtar amach sa reachtaíocht, is iad príomhfheidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i limistéar feidhme an Chláir, Chathair Luimnigh agus Chontae Luimnigh:

- scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oiliúna a bhunú agus a chothabháil,
- lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil,
- saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú
- oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus soláthar an chéanna a athbhreithniú,
    - i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
    - i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
    - i scoileanna coinneála leanaí,
    - i bpríosúin, agus
    - i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

An Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann cistíocht ar fáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i ndáil le hoideachas iarbhunscolaíochta agus oideachas eile gaolmhar leis sin a chur ar fáil agus SOLAS a chuireann cistí ar fáil maidir le cúrsaí breisoideachais agus oiliúna.

Tá ocht gcinn déag de scoileanna iarbhunscolaíochta faoi bhainistíocht LCETB go díreach ar fud réigiún Luimnigh agus an Chláir chomh maith le Scoil Ceoil faoi leith agus Coláiste Breisoideachais faoi leith sa chathair a chuireann soláthar seachtrach ar fáil ar fud Chontae Luimnigh. Tá scoileanna eile faoi chomhphátrúnacht i gcomhar le heagraíochtaí eile. Cuirtear seirbhísí taca teagaisc agus oideachais ar fáil freisin, faoi shocruithe comhoibre le hinstitiúidí eile, do 16 lárionad faoi bhainistíocht sheachtrach. LCETB an príomhpháirtnéir maidir le Music Generation Chathair Luimnigh agus le Music Generation an Chláir.

Cuirtear réimse iomlán sheirbhísí foirmeálta oideachais agus threorach an churaclaim náisiúnta agus seirbhísí gaolmhara ar fáil trí na scoileanna iarbhunscolaíochta, an 7 ionad SDOG agus 10 gclár Ógtheagmhála. Déantar soláthar tríd an gcóras leitheadach d'ionaid don bhreisoideachas agus don oideachas aosach ar fud an réigiúin, lena n-áirítear an dá ionad oiliúna faoi leith i Luimneach agus i mbaile na Sionainne agus an coláiste breisoideachais sa chathair, do phrintíseachtaí ceirde chomh maith le réimse leathan de dheiseanna oideachais agus oiliúna, idir chreidiúnaithe agus

neamhchreidiúnaithe, ionas go ndéantar freastal ar réimse iomlán aoisghrúpaí dhaonra an limistéir, lucht fágála na scoile san áireamh chomh maith le foghlaimeoirí caitheamh aimsire agus daoine a bhfuil suim acu san fhéinfhorbairt.

Tá lucht foirne dúthrachtach díograiseach tuairim is 2,500 duine, 85% acu i mbun múinteoireachta, teagaisc nó treorach, a chuireann na seirbhísí ar fáil.

**Tugtar tuairisc imlíneach anseo síos ar aisling agus ar mhisean Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chomh maith le cuntas achoimre ar ról an Bhoird maidir le seirbhísí oideachais, seirbhísí oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil i limistéar feidhme an Bhoird.**

### 2.1 Misean agus Aidhmeanna

**Ráiteas faoin Aisling**

**Tá ról ceannródaíochta le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir maidir le hoideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a chur ar fáil i gContae Luimnigh agus i gContae an Chláir. Déanann an t-údarás sin le hathrú a thabhairt i gcrích ar an saol ag na daltaí agus ag na foghlaimeoirí, ar an bpobal agus ar shaibhreas sóisialta agus eacnamaíochta an réigiúin trí fhreastal do riachtanais an dalta/fhoghlaimeora, an phobail agus lucht fiontraíochta.**

**Spriocanna Straitéiseacha BOO Luimnigh agus an Chláir**

**- Taithí Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí**

Oideachas, oiliúint agus deiseanna foghlama feadh saoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal do riachtanais pearsanta, sóisialta, eacnamaíochta agus fostaíochta dhaoine den phobal.

**- Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**

Timpeallacht oibre atá sábháilte sláintiúil lena mbaineann tacaíocht agus comhoibriú a chur ar fáil don lucht foirne trí na bearta tacaíochta, na polasaithe agus an nós imeachta cuí a chur ar fáil a bhfuil cultúr maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach de bhonn treise fúthu.

**- Dea-rialachas**

Córas rialachais agus tacaíochta a chur ar fáil lena soirbhítear do na seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fad a chur ar fáil go críochnúil éifeachtach.

- **Comhpháirtíocht**

Bearta cuí a dhéanamh de réir mar a éilíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ranna eile Rialtais agus gníomhaireachtaí eile d'fhonn comhpháirtíocht éifeachtúil a chothú chun freastal do riachtanais oideachais agus oiliúna sa réigiún de réir mar a thagann athrú ina leith.

### 2.2 Na Príomhfheidhmeanna

Le reacht agus i gcomhréir le treoracha ón Aire Oideachais agus Scileanna arna n-eisiúint ó am go ham, ceanglaítear ar LCETB na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh :-

- scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil,
- lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil,
- saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú
- oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus soláthar an chéanna a athbhreithniú,
- i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,

- i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
- i scoileanna coinneála leanaí,
- i bpríosúin, agus
- i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

**2.3 Seirbhísí Príomhthábhachta**

Cuireann LCETB seirbhísí mar seo a leanas ar fáil trí chóras na scoileanna, na gcoláistí agus na lárionad oiliúna, ionaid phobail, chomh maith le socruithe comhpháirtíochta le heagraíochtaí eile:-

- Oideachas Iarbhunscolaíochta
- Oideachas Athdheise
- Breisoideachas agus Breisoiliúint
- Oiliúint Príntíseachta
- Oideachas Pobail
- Seirbhísí Eolais maidir le Treoir Gairme do Dhaoine Fásta
- Oideachas Litearthachta do Dhaoine Fásta
- Seirbhísí Tacaíochta maidir le Foghlaim an Duine Fásta
- Riarachán maidir le Scoláireachtaí agus Deontais don Mhac Léinn
- Riarachán maidir le Deontais do Chlubanna Óige

**2.4 Custaméirí agus Cliaint**

Tá siad seo a leanas a fhreastalaíonn scoileanna agus ionaid oideachais nó oiliúna taobh istigh de limistéar feidhme LCETB le háireamh ar chustaiméirí agus ar chliaint reatha agus ionchais an Bhoird:-

- Daltaí Iarbhunscolaíochta
- Daltaí Ógtheagmhála agus SDOG
- Mic Léinn Iar-ardteistiméireachta
- Foghlaimeoirí atá i mbun cúrsa oideachais nó oiliúna maidir le tionsclaíocht nó gairm
- Printísigh
- Foghlaimeoirí ar chúrsaí litearthachta
- Foghlaimeoirí ar chúrsaí atá lonnaithe sa phobal
- Treoir do Dhaoine Fásta
- Clubanna óige
- Mac léinn ag a bhfuil scoláireacht nó deontas

## Caibidil 3: Sonraí faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí faoi na seirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó i mBéarla agus i nGaeilge; **seirbhísí i gceantair Ghaeltachta san áireamh**.

| Na Seirbhísí Reatha | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí (Ginearálta)** | **Seirbhísí i mBéarla amháin** | **Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge** |
| **Riarachán Scoile** | **17 Scoil Iarbhunscolaíochta** | **1 Gaelcholáiste** |
| | **1 Choláiste Breisoideachais** | **2 Aonad** |
| | | |
| **Riarachán ar Chláir Eile** | **Ógtheagmháil** | |
| | **SDOG** | |
| | **ALSS & Treoir** | |
| | **Ionaid Oiliúna** | |
| | **Oideachas Aosach & Oideachas Pobail** | |
| **Riarachán na hArdoifige** | **Teach Marshal, Luimneach** | |
| | **Oifig na hInse** | |
| | **Scoláireachtaí & Deontais do Dhaltaí** | |
| **Lámhleabhair do Dhaltaí** | **17 Scoil Iarbhunscolaíochta** | **1 Gaelcholáiste & 2 Aonad** |
| **Fógraíocht/Bolscaireacht** | **Bróisiúir Cúrsaí** | **I Gaelcholáiste & 2 Aonad** |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Seirbhísí i Limistéir Gaeltachta** | **Seirbhísí i mBéarla amháin** | **Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge** |
| **Le líonadh isteach de réir mar is cuí ag gach BOO faoi leith** | | |
| **Ní bhaineann le hábhar i gcás LCETB** | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

## Caibidil 4: Forfheabhsú maidir le Seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil

**Tá na forálacha atá faoi chló glas sa tábla thíos de cheangal éigeantach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.**

| An Modh Cumarsáide leis an bPobal | | Geallúint | |
|---|---|---|---|
| **Fógraí Réamhthaifeadta ó Bhéal** | | Beidh na fógraí réamhthaifeadta ó bhéal seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:<br><br>(a) Fógraí réamhthaifeadta ó bhéal ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta poiblí dúnta;<br><br>(b) Fógraí réamhthaifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí;<br><br>(c) Fógraí réamhthaifeadta ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar ar chóras teachtaireachtaí ríomhaireachta nó ar chóras freagairt teileafóin ríomhaireachta.<br><br>Le fógraí 'taifeadta' seachas le fógraí 'beo' a bhaineann an fhoráil seo.<br><br>Sa chás go mbíonn Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá ceangailte ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann an comhlacht nó a dhéantar tar ceann an chomhlachta. | Éigeantach |
| **Comhfhreagras i Scríbhinn** | **Litreacha agus Teachtaireachtaí Ríomhphoist** | Tabharfar freagra ar chomhfhreagras i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina dtagann an comhfhreagras isteach. | Éigeantach |
| | **Stáiseanóireacht** | Cuirtear ceannteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear bileog nótaí, duillín dea-mhéine, bileog cumhdaigh facs, clúdach comhaid nó fillteáin eile, lipéad agus clúdach litreach ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | Éigeantach |
| **Comharthaí** | **Comharthaí** | Ní foláir gach comhartha a chuireann **Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir** in airde nó a chuirtear in airde thar | Éigeantach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ceann an Bhoird a bheith i nGaeilge nó dátheangach, i gcomhréir leis na rialacháin (I.R. Uimh.391/2008). | |
| **Foilseacháin** | **Foilseacháin** | Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí maidir leis an bpolasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an aon tráth amháin. | Éigeantach |
| | **Ciorcláin/Cora Poist** | Sa chás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid leis an bpobal nó le haicme den phobal, i scríbhinn nó trí theachtaireacht ríomhphoist, chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme den phobal, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bhíonn comhfhreagras den sórt sin. | Éigeantach |
| **An Ghaeltacht** | **Logainmneacha Gaeltachta** | Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as an leagan oifigiúil de logainmneacha i limistéir Ghaeltachta. | Éigeantach |

Déantar tagairt don lámhleabhar atá ag gabháil leis seo maidir le liosta de bhearta a mholtar i ndáil le gach neál seirbhíse.

| **An Modh Cumarsáide leis an bPobal** | | **Geallúint** | **Tráthchlár Faoi dheireadh Bl. 1/ Bl. 2 / Bl. 3** |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid ó Bhéal** | Fáiltiú | Cuirfear fáilte roimh an gcustaiméir i nGaeilge ar dtús agus i mBéarla ina dhiaidh sin.<br>Beidh seirbhís i nGaeilge ar fáil ó na ranna seo a leanas: Airgeadas, AD & Gnóthaí Corparáide. | Bliain 1 |
| | Seirbhís Phearsanta/Cúntair | Beidh liosta nuashonraithe de na baill foirne reatha bhfuil ar a gcumas seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge ar fáil. | Bliain 1 |
| | Lasc-chlár | Luafaidh lucht foirne an mhalartáin ainm an bhoird i nGaeilge agus i mBéarla. | Bliain 1 |
| | Cumarsáid ar an Teileafón leis an bpobal | Cuirfidh baill foirne dhátheangacha in iúl don chustaiméir go bhfuiltear sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má thograítear sin. | Bliain 1 |
| | Fógraí Taifeadta ó Bhéal | Beidh an teachtaireacht phearsanta réamhthaifeadta ag baill na foirne i bhfoirm dhátheangach. | Bliain 1 |
| | Fógraí Beo | Beidh 10 % de na fógraí beo in oifigí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i bhfoirm dhátheangach. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | **Eile** | De réir mar a bhíonn deireadh ag teacht le srianta maidir le lucht riaracháin a earcú, luafar ar na fógraí earcaíochta go mbeadh cumas Gaeilge inmhianta ionas go gcuirtear le hacmhainn na heagraíochta leathnú le húsáid na Gaeilge maidir le tuairiscí agus faisnéis a fhoilsiú agus a scaipeadh. | |
| | Bileoga Eolais/Bróisiúir | Beidh leagan Gaeilge nó leagan dátheangach de na bileoga eolais agus de na bróisiúir is coitianta a úsáidtear ar fáil **(**Foilseofar bróisiúr faoi leith i nGaeilge agus i mBéarla maidir le cúrsaí PLC agus FET) | Ó thosach feidhme na Scéime |
| | Foirmeacha Iarratais | Beidh leagan Gaeilge nó leagan dátheangach de na foirmeacha iarratais is coitianta a úsáidtear ar fáil. Faoi dheireadh bhliain 2 | Bliain 2 |
| | **Eile** | **Beidh gach foirm iarratais nua ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Ó dháta a bhfoilsithe.** | Ó thosach feidhme na Scéime |
| **Na Meáin Chumarsáide** | Preaseisiúintí | Déanfar gach preaseisiúint a fhoilsiú i bhfoirm dhátheangach. Beidh d'aidhm an t-ábhar a chur amach go comhuaineach. | Ó thosach feidhme na Scéime |
| | Urlabhraithe Meán Cumarsáide | Beidh urlabhraí(-aithe) le Gaeilge ar fáil ar dtús chun dul faoi agallamh le lucht na meán cumarsáide Gaeilge ach socrú a dhéanamh roimh ré go dtí go mbíonn dóthain cumais sa Ghaeilge ag ball foirne nó baill foirne chun déileáil le lucht na meán cumarsáide iad féin.<br>Bliain 2 | Bliain 2 |
| | Aithisc | Cuirfear 10% den ábhar i nGaeilge in aitheasc a thugtar i mBéarla. Áirítear ar ábhar den sórt sin ar a laghad beannacht i nGaeilge i dtús agus i ndeireadh an aithisc, agus tagairt thall agus abhus i nGaeilge do phríomhábhar an aithisc agus/nó don ócáid atá ar siúl. | Bliain 1 |
| | **Eile** | | |
| **Teicneolaíocht an Eolais** | Ríomhphost | Beidh ábhar caighdeánach i dteachtaireachtaí ríomhphoist, mar shampla séanadh, i bhfoirm dhátheangach. | Bliain 2 |
| | Láithreáin Gréasáin | Déanfar an t-ábhar seasta ar an láithreán gréasáin agus aon láithreán gréasáin tánaisteach de chuid an bhoird a chur ar fáil go dátheangach. | Ó thráth a gcur ar siúl |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Córais Ríomhaireachta | Beidh gach córas nua ríomhaireachta a chuirtear isteach sa chaoi is gur féidir a oibriú i nGaeilge. | Ó thráth a gcur ar siúl |
| | Seirbhísí Idirghníomhaíochta | Déanfar gach seirbhís nua ar líne agus idirghníomhaíochta a chur ar fáil go dátheangach. | Ó thráth a gcur ar siúl |
| | **Eile** | Beidh ráiteas dátheangach ar bhunleathanach láithreán gréasáin an Bhoird ina mbeidh fáilte á chur ag Príomhfheidhmeannach an Bhoird agus dearbhú ar dhúthracht an Bhoird maidir lena ngealltar sa scéim teanga aontaithe a chur i gcrích.<br>Sa chás go socraíonn an Bord ar mhana san am atá le theacht, beidh an mana sin dátheangach. | Ó thosach feidhme na Scéime. |
| **An Ghaeltacht** | Cruinnithe | Ní bhaineann le háireamh | |
| | **Eile** | | |

## Caibidil 5: Forfheabhsú maidir le Seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht

Feabhas maidir le seirbhísí i nGaeilge a bheith ar fáil sa Ghaeltacht agus cinntiú gurb í an Ghaeilge teanga na hoibre in oifigí atá i gceantair Ghaeltachta faoi dháta faoi leith.

### Geallúintí maidir le Limistéir Ghaeltachta

| Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht | Geallúintí | Tráthchlár Faoi dheireadh Bl. 1/ Bl. 2 / Bl. 3 |
|---|---|---|
| **Le líonadh ag gach COO faoi leith de réir mar is cuí.** | **Le líonadh ag gach COO faoi leith de réir mar is cuí.** | **Dáta le socrú ag COOXXX.** |
| | **Ní bhaineann le hábhar i gcás LCETB** | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

An Ghaeilge mar theanga oibre in oifigí sa Ghaeltacht

| Geallúint | Le líonadh ag gach COO faoi leith de réir mar is cuí |
|---|---|
| **Ní bhaineann le hábhar i gcás LCETB** | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Caibidil 6: Feabhas ar an gCumas Teanga

### 6.1 Earcaíocht

Beidh baill foirne a earcú i ngach réimse d'obair BOO Luimnigh agus an Chláir, a bhfuil an leibhéal cuí cumais iontu maidir leis an nGaeilge, ar an bpríomhbhealach a dtabharfar an teacht is fearr is féidir ar sheirbhísí i nGaeilge i gcrích. Beidh aird ó thaobh polasaí earcaíochta an Bhoird, a thagann faoi réir an nós imeachta náisiúnta atá aontaithe maidir le cúrsaí earcaíochta, ar an ngá atá le feabhas céim i ndiaidh céime ar an acmhainn maidir le húsáid na Gaeilge.

Beidh pacáiste ionduchtúcháin á chur ar fáil do gach ball nua den fhoireann agus beidh cóip den scéim aontaithe ina chuid den phacáiste sin ionas go gcinntítear go mbíonn siad ar an eolas faoina bhfuil geallta ag an mBord faoin reachtaíocht.

### 6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá BOO Luimnigh agus an Chláir dúthrachtach maidir le deiseanna a thabhairt don lucht foirne freastal ar chúrsaí oiliúna sa Ghaeilge atá creidiúnaithe go cuí ach teacht a bheith ar na hacmhainní chuige sin. Cuirtear gach duine den fhoireann ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun feabhas a chur ar a gcumas maidir le húsáid na Gaeilge.

| | | Gealltúint | Tráthchlár Faoi dheireadh Bl. 1/ Bl. 2 / Bl. 3 |
|---|---|---|---|
| **Feabhas ar an Acmhainn Gaeilge a Úsáid** | Earcaíocht | Beidh cóip den scéim chomhaontaithe ina chuid den phacáiste ionduchtúcháin a chuirtear ar fáil do gach ball foirne nua. | Ó thosach feidhme na Scéime |
| | Oiliúint | Cuirfear deiseanna feabhas a chur ar a gcumas maidir le húsáid na Gaeilge ar fáil don lucht foirne. Déanfar na socruithe cuí maidir le hoiliúint sa Ghaeilge agus tástáil inniúlachta agus creidiúnú a chur ar fáil don fhoireann d'fhonn cuidiú le daoine den lucht foirne líofacht sa Ghaeilge a choinneáil agus a fhorbairt, feabhas a chur ar chumas an lucht foirne an dualgas atá orthu maidir leis an nGaeilge i mbun a gcuid oibre dóibh a chomhlíonadh, agus córas tástála maidir le hinniúlacht chreidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann. Cuirfear an fhoireann ar an eolas | Bliain 3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | faoi acmhainní teanga de leithéid www.tearma.ie, www.focloir.ie, www.teanglann.ie, agus www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonaice d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill. | |
| | Páirt a ghlacadh in imeachtaí chur chun cinn na teanga/Acmhainní a chur ar fáil | Beidh an lucht foirne ar an eolas faoin gcoincheap a bhaineann leis an gcomhaontú maidir le forbheartaíocht - a bheith forbheartach i ndáil le seirbhís i nGaeilge a thairiscint don phobal. Socrófar go mbíonn teacht ar eolas faoi acmhainní teanga. Tairgfear Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) do bhaill fhoireann riaracháin LCETB agus feabhas ar an leibhéal inniúlachta maidir le húsáid na Gaeilge de chuspóir leis. Cinnteofar tríd an leabharlann inmheánach go mbíonn leabhair agus ábhar eile ar fáil mar acmhainn don fhoireann chun feabhas a chur ar an gcumas maidir le húsáid na Gaeilge. | Bliain 3 |
| | **Eile** | Cuirfear póstaer maidir le cearta teanga (atá ar fáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga) ar taispeáint go feiceálach i ngach oifig riaracháin, i ngach scoil agus i ngach ionad aitheanta oideachais de chuid LCETB. D'fhonn an leibhéal inniúlachta maidir le húsáid na Gaeilge a mheas, déanfar suirbhé maidir le gach duine den fhoireann ionas go gcuireann siad in iúl, maidir lena gcumas féin, cibé an bhfuil siad Líofa nó An-mhaith nó Go maith nó Measartha nó Lag. Cuirfear ceist maidir le cumas an iarratasóra an Ghaeilge a úsáid ar fhoirmeacha iarratais do phoist fostaíochta le LCETB agus cuirfear ar a laghad aon cheist amháin i nGaeilge le linn agallamh do phost. | Bliain 2 |

**6.3 Poist Ainmnithe Gaeilge**

Tá na poist thíos ainmnithe ar phoist a bhfuil cumas Gaeilge de riachtanas leo. Is é rún atá leis sin go mbeadh an caighdeán creidiúnaithe Gaeilge a shonraítear, ag teacht le freagrachtaí an phoist, ag an té a bheadh i ngach post acu. Le linn na poist seo a ainmniú, bhí aird faoi leith ar phoist i limistéir Ghaeltachta agus ar phoist i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht ar pobal Gaeltachta agus/nó pobal Gaeilge an chuid is mó de na custaiméirí ina leith.

| Teideal an Phoist | Ionad | An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal | Tuairisc ar an gcaighdeán Gaeilge atá de dhíth (bunleibhéal, meánleibhéal nó ardleibhéal) |
|---|---|---|---|
| **Le líonadh ag gach BOO faoi leith de réir mar is cuí.** | | | |
| Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Múinteoirí agus Rúnaí na Scoile | Gaelcholáiste Luimnigh | Gaelcholáiste | Ardleibhéal ab fhearr |
| Príomhoide, Rúnaí Scoile | Coláiste Pobail na hInse | Aonad | Meánleibhéal nó Ardleibhéal |
| | Coláiste Dheasmhumhan, Caisleán Nua Thiar | Aonad | Meánleibhéal nó Ardleibhéal |

## Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh **an Príomhfheidhmeannach agus na Bainisteoirí Sinsearacha i gcomhar le Roinn na nGnóthaí Corparáide** monatóireacht agus athbhreithniú go rialta ar fhorfheidhmiú na scéime. Is é John O'Connor, an Roinn Gnóthaí Corparáide, an ball foirne atá ceaptha i ndáil le caidreamh agus comhfhreagras faoin séim seo.

Beidh córas foirmeálta monatóireachta ar fáil maidir le hiarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus tabharfar tuairisc ina leith sin sa Tuarascáil Bhliantúil.

## Caibidil 8: Poiblíocht maidir leis an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht maidir leis an scéim seo go hinmheánach agus go seachtrach, le preasráiteas ar an gcéad dul síos. Déanfar leagan dátheangach den scéim ar fáil ar an láithreán gréasáin agus a scaipeadh ar gach duine den lucht foirne agus ar ghníomhaireachtaí cuí. Coinneofar súil ar dheiseanna eile freisin is féidir a úsáid maidir le poiblíocht a dhéanamh ar an scéim seo.

Anuas air sin, tapófar gach deis na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn le linn dhéanamh an ghnó ó lá go lá leis an gcustaiméir agus poiblíocht a dhéanamh orthu ar na bealaí seo a leanas:

- a chur in iúl go díreach agus go forbheartach don chustaiméir go bhfuil de rogha an gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chrochadh ag deascanna fáilte arna chur in iúl go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge;

- na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a lua go sonrach ar an láithreán gréasáin;

- a thabhairt le fios ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais faoi leith go bhfuil leagan Gaeilge de na cáipéisí sin ar fáil chomh maith, murar leagan dátheangach atá ar fáil;

- an tábhacht chéanna a bheith le hábhar i nGaeilge agus le hábhar i mBéarla sa chur i láthair.

Beidh cóip den scéim chomhaontaithe á seoladh chuid Oifig an Choimisinéara Teanga.